C/2026/3739

9.7.2026

Fógra le haghaidh duine agus eintiteas áirithe a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

(C/2026/3739)

Dírítear aird na ndaoine agus na n-eintiteas a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, Larisa Valentinovna TOLSTYKINA (949), Evgeny Anatolievich KATSAVALOV (960), Natalya Alexandrovna PASHCHENKO (961), Yulia Valentinovna MIKHAILOVA (991), Elena Ivanovna RAKHMUKOVA (1093), Igor Nikolaevich RYABUSHKIN (1094), Ivan Vladimirovich SANAYEV (1095), Sergei Viktorovich SEROV (1098), Maksim Anatolyevich UVAROV (1103), Aleksandr Viktorovich YERMOLENKO (1104), Yuriy Pavlovich YUROV (1105), Oleg Valeryevich KOVAL (1109), Aleksandr Viktorovich GUSEV (1541), KIM Yong Bok (1868), CHA Yong Beom (1979), Etibar EYYUB (1985), Volunteers of Victory (317), Joint Stock Company 'Military-Industrial Corporation "Research and Production Association of Mechanical Engineering"' (380), agus JSC Armour Repair Plant No. 144 (454), ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá an Chomhairle ag brath ar na bearta sriantacha i gcoinne na ndaoine agus na n-eintiteas thuasluaite a choinneáil ar bun bunaithe ar ráitis leasaithe ar chúiseanna agus/nó ar fhianaise thacaíochta bhreise.

Cuirtear in iúl leis seo do na daoine agus do na heintitis sin lena mbaineann go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle maidir le faisnéis a bhaineann lena n-ainmniú a choinneáil ar bun a fháil, faoin **17 Iúil 2026**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu